



Tithe an
Oireachtais
Houses of the
Oireachtas

Oifig na gComhairleoirí Dlí Parlaiminteacha (OCDP) The Office of Parliamentary Legal Advisers

Tuairisc Orainn

Is é OCDP foireann dlí inmheánach an Oireachtais. Cuirimid réimse seirbhísí dlí neamhspleácha ar fáil do Chomhaltaí, do Choimisiún an Oireachtais agus do Sheirbhís an Oireachtais. Tá Príomh-Chomhairleoir Dlí an Oireachtais i gceannas ar OCDP agus áirítear ann dlíodóirí atá cáilithe go gairmiúil mar aturnae nó mar abhcóide sa Stát.

Na Nithe is Féidir Linn a Dhéanamh Duitse

Cuirimid seirbhísí dlí atá gairmiúil, neamhspleách agus faoi rún ar fáil duit, lena n-áirítear na seirbhísí seo a leanas:

Seirbhísí Parlaiminteacha agus Corparáideacha

- ▶ Comhairle i ndáil le haon saincheisteanna dlí a éiríonn as do chomhaltas den Oireachtas;
- ▶ Comhairle a chur ort agus ar do chomhghleacaithe sna Coistí i ndáil le saincheisteanna dlí a ardaítear sna Coistí Parlaiminteacha;
- ▶ Dlíthíocht a sheoladh, mar a shonraítear sna hAchtanna um Choimisiún Thithe an Oireachtais;
- ▶ Tacú leat agus comhairle dlí a sholáthar duit le linn duit nithe beartais a dtacaíonn an Rialtas leo a scrúdú agus a thástáil; agus
- ▶ Comhairle a chur ar Shealbhóirí Oifige de chuid an Oireachtais, ar Choimisiún an Oireachtais agus ar Sheirbhís an Oireachtais faoi réimse leathan saincheisteanna dlí corparáideacha agus parlaiminteacha.

Billí Comhaltaí Príobháideacha

- ▶ Saincheisteanna dlí a éiríonn as do thograí beartais le haghaidh BCPanna a fhiosrú agus a fhorbairt;
- ▶ Do BCP a dhréachtú;
- ▶ Tacaíocht a thabhairt duit le linn gach céime de do BCP; agus
- ▶ Comhairle dlí a thabhairt do Choistí maidir le Grinnscrúdú ar BCPanna roimh Chéim an Choiste.

Struchtúr OCDP

**Príomh-Chomhairleoir
Dlí an Oireachtais**
Mellissa English
01 618 3644

**An Comhairleoir Dlí
Parlaiminteach agus
Corparáideach**
Ramona Quinn
01 618 3112

**An Comhairleoir
Dlí um Billí Comhaltaí
Príobháideacha**
Sinéad O'Brien
01 618 4274

**An Dréachtóir
Reachtach Parlaiminteach**
Kieran Mooney
01 618 4153



Guthán: 01 618 3657



Ríomhphost: OPLA@oireachtas.ie



www.oireachtas.ie/OPLA



Tithe an
Oireachtais
Houses of the
Oireachtas

An chaoi ar féidir le OCDP tacú leat le do BCP

Forbairt

- ▶ Comhairle dlí ghairmiúil
- ▶ Cuidiú leat do thogra beartais le haghaidh BCP a fhorbairt
- ▶ Taighde spriocdhírthe
- ▶ Idirchaidreamh a dhéanamh thar do cheann chun a chinntiú go ndéanfar de réir nósanna imeachta.



Dréachtú

- ▶ An BCP a dhréachtú
- ▶ Cuidiú leis an Meabhrán Míniúcháin a ullmhú
- ▶ Leasuithe Chéim an Choiste agus Chéim na Tuarascála a dhréachtú i gcomhair Billí a bheidh dréachtaithe againn duit.



Grinnscrúdú

- ▶ Anailís dlí a sholáthar do Choistí agus iad ag déanamh grinnscrúdú ar BCPanna
- ▶ Comhairle a sholáthar a chuimsíonn na 6 cheist dlí mar a leagtar amach iad sa Mheabhrán Tuisceana ar BCPanna idir an rialtas agus Dáil Éireann.



Tacaíocht

- ▶ Comhairleoir tiomnaithe dlí chun tacú leat le linn gach céime de do BCP
- ▶ Teacht roimh shaincheisteanna agus réitigh ar fhadhbanna dlí a chur ar fáil.



Guthán: 01 618 3657



Ríomhphost: OPLA@oireachtas.ie



www.oireachtas.ie/OPLA